C/2023/589

6.11.2023

Fógra maidir le dul in éag atá le tarlú i dtaca le bearta frith-fhóirdheontais áirithe

(C/2023/589)

1. Mar a fhoráiltear in Airteagal 18(4) de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1], tá an Coimisiún ag tabhairt fógra go rachaidh na bearta frithchúitimh a luaitear thíos in éag ar an dáta a luaitear sa tábla thíos mura dtionscnófar athbhreithniú i gcomhréir leis an nós imeachta seo a leanas.

2. **Nós imeachta**

Féadfaidh táirgeoirí de chuid an Aontais iarraidh i scríbhinn a dhéanamh ar athbhreithniú. Ní mór fianaise leordhóthanach a bheith san iarraidh sin gur dócha go leanfaí den fhóirdheonú agus den díobháil nó go dtarlóidís arís mar thoradh ar dhul in éag na mbeart. Má chinneann an Coimisiún na bearta lena mbaineann a athbhreithniú, tabharfar deis ansin d'allmhaireoirí, d'onnmhaireoirí, d'ionadaithe na tíre is onnmhaireoir agus do tháirgeoirí de chuid an Aontais a mbarúil a thabhairt ar na hábhair atá leagtha amach san iarraidh ar athbhreithniú, nó béim a leagan ar na hábhair sin, nó iad a bhréagnú.

3. **Teorainn ama**

Ar bhonn an mhéid thuas féadfaidh táirgeoirí an Aontais iarraidh i scríbhinn a dhéanamh ar athbhreithniú, iarraidh nach mór a bheith faighte ag an gCoimisiún Eorpach ag an seoladh seo: Commission européenne, Direction générale du commerce (Unité G-1), CHAR 4/39, 1049 Bruxelles/Brussel, an Bheilg [2] tráth ar bith tar éis fhoilsiú an fhógra seo ach tráth nach déanaí ná trí mhí roimh an dáta a luaitear sa tábla thíos.

4. Foilsítear an fógra seo i gcomhréir le hAirteagal 18(4) de Rialachán (AE) 2016/1037.

Táirge	Tír thionscnaimh nó tír is onnmhaireoir	Bearta	Tagairt	Dáta éaga [1]
Teireataláit Phoileitiléine	An India	Dleacht frithchúi-timh	RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) Uimh. 2019/1286 ÓN gCOIMISIÚN an 30 Iúil 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine (PET) de thionscnamh na hIndia tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 202, 31.7.2019, lch. 81)	1.8.2024

[1] Téann an beart in éag ag meán oíche (00:00) an lá a luaitear sa cholún seo.

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 55.
[2] TRADE-Defence-Complaints@ec.europa.eu